
# FÁILTE go **Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha**

Cor Unum – Aon Chroí

## D'eolaí Póca agus tú ag tosach i mbliain 8


## Cineáltas Cothromaíocht agus Meas



# Cad é a chaithim ar mo chéad lá?

Tá muid iontach bródúil as bheith inár mbaill de phobal Choláiste Chaitríona agus tá súil agam go mothaíonn tusa mar chuid de fosta.

Cuirfidh tú bród i do scoil in iúl agus éide na scoile á caitheamh agat go foirfe ón chéad lá.




Inseoidh do Mhúinteoir Foirme duit, cén lá ar chóir duit an éide Chorpoideachas a thabhairt ar scoil

**Nod don eolach**


*Déan cinnte de go bhfuil d'éide iomlán agat in am go leor roimh do do chéad lá.*



# Cad é a bheas de dhíth orm ar mo chéad lá?

- Mála scoile cuí
- Trealamh bunúsach, mar tá, peann, rialóir agus scriosán
- Smailc/lón ón bhaile mura bhfuil tú ag ceannach bia sa bhialann
- Má tá ar intinn agat dul chuig an bhialann, beidh ort do chuntas saor ó airgead tirim a oscailt.

Tig le do thuismitheoirí/caomhnóirí airgead a chur sa chuntas trí aip na scoile nó tig leat creidmheas a chur ar do chuntas trí airgead tirim a chur sna hinnill sa bhialann. A luaithe is atá airgead i do chuntas, tig leat 'íoc as' do bhia le do mhéarlorg. Chomh furasta sin!




**Nod don eolach**

*Pacáil do mhála scoile an oíche roimh gach lá scoile. Tá seans níos lú ann go ndéanfaidh tú dearmad de rud éigin.*

# Cad é atá de dhíth orm ar mo chéad lá?



Is scoil de chuid Ord an Chroí Rónaofa muid Tá cúig sprioc bainteach le hoideachas an Chroí Rónaofa:

**Creideamh**

**Carachtar**

**Intleacht**

**Pobal**

**Feasacht Shóisialta**





Tig leat na spriocanna seo a bhaint amach trí:

- Bheith gníomhach i do chreideamh
- Trí charachtar a bhfuil teacht aniar agus comhbhá a fhorbairt
- Trí ról gníomhach a ghlacadh i saol na scoile, i gcúrsaí staidéir agus in imeachtaí sceach-churaclaim.
- Trí thacaíocht ghníomhach a thabhairt do phobal na scoile agus tú ag tacú le baill na scoile agus an phobal go forleathan.
- Leanann muid na luachanna seo i gColáiste Chaitríona a chuidíonn le pobal iontach a chruthú!



Ghnóthóidh tú suaitheantais nuair a léiríonn tú gur bhain tú ceann de na cúig sprioc seo amach. Chífidh tú ar ball beag go bhfuil ráchairt mhór ar na suaitheantais agus is í an aidhm atá agat na cúig shuaitheantas bheith agat sula bhfágann tú slán ag Coláiste Chaitríona.

Agus na cúig shuaitheantas agat, bronnfar suaitheantas Cor Unum ort.



**Nod don eolach**

*Smaoinigh ar an dóigh a dtig leat do shuaitheantais a shaothrú.*



# Cad é a tharlóidh ar mo chéad lá?

- Bainfidh tú an scoil amach roimh 8.50r.n.
- Buailfidh tú le do Cheannaire Bliana agus le daltaí eile i mBliain 8.
- Caithfidh tú do chéad lá le do Mhúinteoir Foirme i do Sheomra Foirme.
- Glacfar do ghrianghraf.
- Taispeánfar an dóigh leis an chóras saor ó airgead atá in úsáid sa bhialann duit.
- Gheobhaidh tú do leabhar nótaí scoile agus cóip de do chlár ama.
- Foghlaimeoidh tú faoi 'Iompar Dearfach'.
- Rachaidh tú ar thuras scoile le do 'chara cléibh'. Dalta níos sine a bheas ann agus freagróidh sé ceist ar bith atá agat agus cuideoidh sé leat socrú isteach i gColáiste Chaitríona.
- Tig leat na cairde cléibh a aithint mar caitheann siad léine bhán agus suaitheantas le 'B' air.

**Cad é a tharlaíonn ar ghnáthlá scoile?**

Seo mar atá ár lá scoile:

| | |
|---|---|
| Clárú: | 8.55am–9.05am |
| Tréimhse 1 | 9.05am–9.45am |
| Tréimhse 2 | 9.45am–10.25am |
| Sos | 10.25am–10.40am |
| Tréimhse 3 | 10.40am–11.20am |
| Tréimhse 4 | 11.20am–12.00pm |
| Tréimhse 5 an Chéad Lón | 12.00pm–12.40pm |
| Tréimhse 6 an Dara Lón | 12.40pm–1.20pm |
| Tréimhse 7 an Tríu Lón | 1.20pm–2.00pm |
| An Dara Clárú | 2.00pm–2.05pm |
| Tréimhse 8 | 2.05pm–2.45pm |
| Tréimhse 9 | 2.45pm–3.25pm |



*Tá an chuma air go bhfuil cuid mhór le glacadh ar bord. Ach ná bígí buartha, ní fada go mothóidh sibh sa bhaile agus fios bhur ngnó agaibh!*

**Nod don eolach**

# Cé na hábhair a dhéanfaidh mé i mBliain 8?



Beidh na hábhair seo idir lámha agat:

I nGaeilge
- Drámaíocht
- Fraincis
- Tíreolaíocht
- Stair
- Scileanna Digiteacha
- Gaeilge
- Foghlaim don tSaol agus don Obair (FSO)
- Mata



I mBéarla
- Ealaín
- Béarla
- Ceol
- CorpOid
- Reiligiún
- Eolaíocht
- Teicneolaíocht
- Eacnamaíocht Bhaile

Bogfaidh tú ó sheomra go seomra do gach rang.

**Nod don eolach**

*Ná bí buartha faoi bheith caillte, cuir ceist ar dhalta níos sine nó ar dhuine fásta, beidh siad breá sásta le cuidiú leat!*



# Cad é eile a thig liom a dhéanamh i gColáiste Chaitríona?



**Tá réimse rudaí ar fáil:**
- An Cumnann Gaelach
- An Club Eolaíochta
- Eco Club
- Club Drámaíochta (Sóisearach)
- An Club Bricfeasta
- An Club Eiteas
- Club na dTáblaí
- Scribblers Club
- Léitheoirí gan Fhios
- An Club Códú


**Agus scoth na gclubanna iarscoile:**
- Peil Ghaelach
- Camógaíocht
- Golf
- Liathróid
- Líonpheile
- An Snámh
- Marcaíocht Capall
- Láimhe
- An Club
- Reathaíocht
- Líonpheile
- An Club



*Bain triail as cúpla club ar a laghad.*

**Nod don eolach**

# Cé leis a dtig liom labhairt má bhím trína chéile nó buartha faoi rud ar bith, nó go díreach ag iarraidh labhairt le duine?




Tig leat labhairt le múinteoir ar bith ach is iad na daoine is fearr:

- Cara cléibh ar bith
- Do Mhúinteoir Foirme
- An Máistir Mac Braoin, in oifig Choláiste Chaitríona
- Do Cheannaire Bliana
- Ball ar bith den Fhoireann Tréadchúraim

**Nod don eolach**

*Má bhíonn tú buartha faoi rud ar bith, abair le duine de na daoine thuasluaite. Is maith ann an chaint.*

## Iarr ar do thuismitheoirí/chaomhnóirí le taispeáint duit cad é a tharlaíonn i gColáiste Chaitríona ar ár n-ardáin shóisialta nó ar ár suíomh idirlín.

**Coláiste Chaitríona, Ard Mhacha**
Bóthar an Chlochair, Ard Mhacha, Tuaisceart Éireann, BT60 4BJ
**Fón:**028 3752 2023
**R-phost:**info@stcatherines.armagh.ni.sch.uk
**Suíomh idirlín:** www.stcatherinesarmagh.com

Devised and produced by Stoneworks Education Ltd **www.stoneworkscommunications.co.uk/Education**

Copyright © 2014-2022 Stoneworks Education Ltd.